# Cóir Ghaoithe

## Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge

**Aodán Mac Suibhne**
**Agus**
**Marie Whelton**

# 4.Teilifís
# *Gabriel Rosenstock*

## I TÉACS

**Féach *Leoithne Ghaoithe*, lch. 25, áit a bhfuil an téacs foilsithe.**

**Foclóirín**

**Theastaigh…uaithi** – bhí dúil aici i
**Argóint** – dul i gcoinne
**Beainín** – bean bheag óg
**Dhá bhliain go leith** – two and a half years old
**Síos linn** – down we went
**Níor bhacas** – níor bhac mé, I didn’t bother
**Le gléasadh** – le héadaí a chur orm, to dress
**Préachta** – an-fhuar
**Stánamar** – we stared
**Scáileán bán** – white screen
**Sioráf** – giraffe
**Ulchabhán Artach** – artic owl
**Ag faoileáil** – revolving /hovering

## II ÚDAR, COMHTÉACS AGUS SEÁNRA

- I gCill Fhionáin, Co. Luimnigh, sa bhliain 1949 a rugadh Gabriel Rosenstock. D’fhreastail sé ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit a raibh sé cairdiúil le beirt scríbhneoirí eile: Michael Davitt agus Liam Ó Muirthile. Faoi láthair, tá sé ag obair sa Ghúm. Tá go leor filíochta

foilsithe aige. I measc na gcnuasach is cáiliúla dá chuid tá: *Méaram*!, *Portrait of the Artist as an Abominable Snowman*, *Oráistí* agus *Ní Mian Léi an Fhilíocht Níos Mó*. Tá aistriúcháin déanta aige ar dhánta le Séamas Heaney agus scríobhann sé drámaí chomh maith le hailt nuachtáin.

- Scríobhann sé leaganacha Gaeilge sa stíl cháiliúil Seapánach a dtugtar 'Haiku' uirthi. Is éard atá san Haiku ná foirm fhileata an-ghearr. Masaoka Shikia a chruthaigh í ag tús na haoise seo caite. Tá sé bunaithe ar sheandán traidisiúnta Seapánach a dtugtar hokku air. Bíonn trí líne de ghnáth sa haiku. 5, 7, agus 5 siolla, faoi seach, a bhíonn sna línte. Gabhann rialacha eile, freisin, leis an gcineál seo filíochta.
- Ní Haiku é an dán atá á staidéar anseo ach, is iondúil go gcaitheann an Haiku solas ar áilleacht na samhlaíochta agus tá an tréith sin le sonrú go soiléir sa dán áirithe seo.

## III ANAILÍS LITEARTHA

**A. Príomhthéama an Dáin**

An chodarsnacht idir samhlaíocht fhairsing spreagtha an pháiste agus easpa samhlaíochta an duine fhásta is téama don dán gearr seo. Feiceann an páiste rudaí iontacha i scáileán bán teilifíse, áit nach bhfuil rud ar bith le feiceáil ann, dar leis an duine fásta. Cuireann an páiste a hathair ag machnamh faoi iontas draíochtúil na samhlaíochta agus faoi chumas an linbh íomhánna a shamhlú gan chabhair na bpictiúr. Mar a tharla sa dán 'Cúl an Tí', le Seán Ó Ríordáin, tarraingíonn an dán seo aird ar áilleacht agus ar ghleoiteacht an ghnáthruda.
Tá téama an ghrá le sonrú sa dán, freisin. Cé nach téama lárnach é is cinnte go dtugann sé spléachadh dúinn ar ghaol aithreacha lena bpáistí agus ar an ngrá agus an gcomh-mheas a bhíonn acu ar a chéile.

## B. Príomhtheicníochtaí Liteartha

**Codarsnacht**

Cuireann an chodarsnacht ghéar idir an t-athair agus a pháiste go mór le forbairt an téama. Is léir go bhfuil fuinneamh thar na bearta ag an leanbh óg: tá sí ina dúiseacht ar a cúig a chlog ar maidin agus í ag éileamh go teanntásach ar a hathair an teilifís a chur ar siúl di. Tá sceitimíní uirthi agus í ag gríosú a Daidí síos an staighre. I gcomparáid léi tá an t-athair géilliúil: ní théann sé i gcoinne a stóirín bhig óig. Is léir, freisin, nach bhfuil an fuinneamh ná an gliondar céanna air agus atá uirthi: tá sé róthuirseach chun é féin a ghléasadh, tugann sé an t-am, an fuacht agus an dorchadas faoi deara, gnéithe den réaltacht a bhfuil a iníon beag beann orthu:

> Ar a cúig a chlog ar maidin
> Theastaigh an teilifís uaithi.
> An féidir argóint le beainín
> Dhá bhliain go leith?...

Tá an chodarsnacht chun tosaigh arís sa dara leath den dán. Tá an domhan de dhifríocht idir an t-athair agus an páiste sa chuid seo. Féachann an bheirt acu ar an scáileán teilifíse ach is léir nach bhfuil clár ar bith ar siúl ag an am sin den mhaidin. Don athair níl os a chomhair ach scáileán teilifíse lom atá ag feitheamh ar chraoladh na maidine. Is léir ón gcaint dhíreach a dhéanann sé leis an bpáiste ('Anois! Sásta?'), go gceapann sé go dtuigfidh an páiste anois nach aon mhaith a bheith ag lorg na teilifíse ag an am sin den mhaidin, ach ní hé sin a tharlaíonn. Is éard a tharlaíonn ná go ndúisíonn samhlaíocht an pháiste agus feiceann sí sneachta seachas scáileán bán, ní hamháin sin, ach feiceann sí ainmhithe coimhthíocha (sioráf, ulchabhán Artach) ar an sneachta céanna. Is léir go gcuireann cumas samhlaíochta an linbh iontas ar a hathair, rud a léiríonn an fhíorchodarsnacht idir é féin agus a leanbh agus a léiríonn, san am céanna, meas an athar ar an bpáiste óg agus ar

dhraíocht shamhlaíocht na n-óg:

> Stánamar le hiontas ar scáileán bán...
> Ach chonaic sise sneachta
> Is sioráf tríd an sneachta
> Is ulchabhán Artach...

**Íomhánna**

Tá feabhas an dáin seo ag brath, freisin, ar áilleacht na n-íomhánna a úsáidtear tríd síos. Is í an íomhá den chailín óg ag teacht isteach go seomra a Daidí go moch ar maidin an chéad íomhá. Íomhá an-éifeachtach atá inti óir cruthaíonn sé suíomh an dáin go cumasach agus is furasta don léitheoir an dráma beag seo a shamhlú. Mar an gcéanna leis na híomhánna den bheirt acu, agus iad ina suí os comhair na teilifíse, i seomra fuar dorcha: cuireann siad go mór le hatmaisféar an dáin.

Is iad na híomhánna ag deireadh an dáin na híomhánna is tábhachtaí, is iad sin na híomhánna a shamhlaíonn an páiste; iadsan a chuireann béim ar chumas samhlaíochta an linbh agus ar an gcodarsnacht idir an tsamhlaíocht sin agus easpa samhlaíochta an athar. Tá de chumas inti sneachta a fheiceáil cé nach bhfuil ann i ndáiríre ach scáileán bán. Ina theannta sin samhlaíonn sí ainmhithe andúchasacha aisteacha. Toisc go bhfuil na hainmhithe chomh coimhthíoch sin léiríonn siad go dtugann an tsamhlaíocht féidearthachtaí iontacha, ní hamháin don pháiste féin, ach do na daoine ina comhluadar freisin. Bíonn de chumhacht ag an bpáiste samhlaíocht an duine fásta a mhúscailt.

## IV CEISTEANNA SAMPLACHA

1. “Cumhacht agus áilleacht shamhlaíocht an pháiste is téama don dán ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.” Pléigh an tuairim sin agus déan tagairt do theicníochtaí fileata i do fhreagra.

2. “An chodarsnacht idir samhlaíocht fhairsing an pháiste agus easpa samhlaíochta an duine fásta is téama don dán ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.” Pléigh an tuairim sin agus tagair do na teicníochtaí fileata sa dán.

3. “Tá téama an ghrá mar fhothéama sa dán ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.” Déan plé ar an tuairim sin ag tagairt do na teicníochtaí fileata a úsáideann an file.

4. “Gliondar agus fuinneamh an pháiste is mó a léitear ar an dán ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.” Scríobh cuntas ar an léiriú a thugann an dán ar na gnéithe sin.

5. “Tá feabhas an dáin ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock, ag brath ar éifeacht na n-íomhánna.” Pléigh an tuairim sin agus tagair don dán i do fhreagra.

Whelton, Marie, ‘Teilifís le Gabriel Rosenstock.’ Sliocht as *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*, Aodán Mac Suibhne agus Marie Whelton (Údair). Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath, 2006, 2009, lgh 137-139. Cóip an Údair.